



Ag Obair i cGomhthéacsanna Idirchultúrtha

Working In Intercultural Contexts

**TREOIR d'Oifigí Ealaíon Údarás Áitiúil
agus do Sholáthróirí Cultúir**
**GUIDE for Local Authorities
and Cultural Providers**



Íomhá ar an gclúdach: Fóram Transcultural Dialogues (Deisceart Bhaile Átha Cliath).

Íomhánna: Maeve Clancy agus Merovee Guerin (Maigh Eo), Martha McCullough (Dún na nGall) agus Dave O'Reilly (Deisceart Bhaile Átha Cliath).

Clár an Ábhair

Réamhrá maidir leis an leabhar treorach seo

1. Na daoine agus an áit – comhthéacs a bhun agus a bharr

A: Taighde ar dtús go dtuigtear cé atá ina gcónaí i measc an phobail

B: Glac cur chuige straitéiseach – déan plan ón meántearma go dtí an fadtearma

2. Ceangal a chothú

A: Bíonn dea-thoradh ar chraobhchórais agus ar chaidreamh a chothú

B: Obair i gcomhar agus spreagadh spéise; aontú ar ghníomhartha

3. Stuaim i mbun na hoibre

A: Comhar éifeachtúil páirtnéireachta a chothú don chaidreamh fadtéarmach

B: Gnéithe de leagan amach na gclár ar mhaithe le seasmhacht fhadtéarmach

4. Toradh ar an dícheall

A: Cúrsaí pleanála

B: Baic roimh rannpháirtíocht a mhaolú

5. Lón eolais agus beartaíocht dá réir?

Measúnóireacht, lón eolais agus toradh fadtéarmach

6. Aguisíní

A. Tagairtí maidir leis an Treoir

B. Acmhainní agus Sonraí Comhfhreagrais Úsáideacha

Cúlra maidir leis an Leabhar Teorach Seo

Ón mbliain 2016 i leith, tá Comhairlí Contae Mhaigh Eo, Dhún na nGall agus Bhaile Átha Cliath Theas ag comhoibriú go réamhghníomhach ar fhorbairt beartas, oiliúint earnála, seirbhísí cuí cultúir, múnlaí rannpháirtíochta agus deachleachtas d'Údaráis Áitiúla maidir le hIlghnéitheacht Chultúir. Faoin scéim um Chuireadh chun Comhoibrithe de chuid na Comhairle Ealaíon a thacaíonn le hÚdaráis Áitiúla le cur isteach ar thionscadail agus ar thionscnaimh a n-aithnítear go bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis na healaíona ar bhonn áitiúil, réigiúnaigh agus náisiúnta, tá Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair ar na snáitheanna seo a leanas le modhanna oibre straitéiseacha maidir le bheith ag obair i gcomhthéacsanna Idirchultúir a chíoradh agus a fhorbairt:

- Oiliúint maidir le hlléagsúlacht Cultúir d'Íonaid agus do Sholáthraithe Cultúir.
- Oiliúint maidir le hlléagsúlacht Cultúir d'Ealaíontóirí/teagascóirí Music Generation.
- Ealaíontóir(i) Cónaitheacha maidir le hlléagsúlacht Cultúir (Maigh Eo & Baile Átha Cliath Theas).
- Taighde agus Forbairt: Cúnamh d'íonaid maidir le Lucht Féachana agus Éisteachta lena mbaineann lléagsúlacht Cultúir a Fhorbairt (Baile Átha Cliath Theas).
- Taighde maidir le Caidreamh Traschultúrtha Pobail i gCeantar Bhaile Átha Cliath Theas.
- Taighde & anailís (Dún na nGall): soláthar straitéiseach maidir le seirbhísí cultúir ábhartha arna bhforbairt i gcomhar le hArdán Idirchultúir Dhún na nGall.
- Laethanta Oscailte (Dún na nGall): ócáidí ceiliúrtha, sóisialta agus idirchaidrimh chultúrtha.
- Seimineár agus Imeachtaí maidir le hIdirchaidreamh Trasultúrtha (Baile Átha Cliath Theas).

Sa leabhar teorach seo gheobhaidh tú múnlaí sárchleachtas maidir le bheith ag obair laistigh den timpeallacht idirchultúrtha, céimeanna gníomhartha agus acmhainní úsáideacha ina measc. Tá na treoracha seo bunaithe ar shuirbhéanna agus agallaimh a rinneadh mar chuid de Transcultural Research Summary and Next Steps leis an Dr Zoe O' Reilly agus ar shuirbhéanna Chontae Dhún na nGall, Chontae Mhaigh Eo agus Bhaile Átha Cliath Theas de chuid *Invitation to Collaboration*.

Réamhrá maidir leis an Leabhar Treorach- acmhainn d'Údaráis Áitiúla agus do Sholáthróirí Cultúir

Tá de rún leis an Treoir seo go mbeadh sé ina ábhar spreagtha go fadtéarmach – chun cuidiú le soláthraithe cultúir dlús a chur leis an bpróiseas agus smaointeoireacht straitéiseach a dhéanamh faoi spéis dhaoine de bhunadh éagsúil cultúir a chothú in úsáid na seirbhísí nó in obair pháirtnéireachta. Tá tairbhe faoi leith leis an obair a rinne NYCI maidir le Access All Areas – a Diversity Toolkit for the Youth Work Sector arna fhoilsiú ag Comhairle na nÓg agus Youthnet 2018, ina bhfuil liosta seiceála ag eagraíochtaí a bhfuil i gceist acu dul i mbun oibre maidir le hiléagsúlacht cultúir. Léirítear leis an Treoir seo go háirithe an tábhacht atá leis na bunphrionsabail maidir le forbairt phobail: go mbíonn am, sochomhairleacht agus toilteanas de dhíth maidir le hábhar teagaisc agus foghlamtha ionas go gcothaítear caidreamh fadtéarmach agus páirtnéireacht dáiríre. Choimisiúnaigh an pháirtnéireacht an príomhchomhairleoir Una Carmody chun an lón eolais ó na réimsí thuasluaite ar fad a tharraingt le chéile agus achoimre air sin agus ar ábhar taighde tábhachtach / suntasach eile a chur i dtoll a chéile sa tuarascáil seo. Bhí san áireamh leis sin freisin Treoir a chruthú lena ndíreofaí aird ar an sárchleachtas maidir le comhthéacsanna idirchultúrtha i gcúrsaí cultúir. Tugadh isteach mé chun cuidiú leis an Treoir seo a chruthú. Bhí anailís ar na príomhthorthaí ó obair na bpáirtnéirí agus na rannpháirtithe, de réir mar a thug suirbhéanna agus agallaimh faoi stiúir Úna Carmody chun suntais, i gceist leis na Treoirí seo a chur i dtoll a chéile. Rinneadh taighde boird freisin i ndáil le cásanna samplacha eile, saothair taighde agus cásanna staidéir ónar léir an sárchleachtas in Éirinn agus thar lear. Ba mhaith le comhpháirtithe an tionscadail buíochas a ghabháil le gach duine chuidigh leis an treoir seo a chur i dtoll a chéile.

Kath Gorman
Sainchomhairleoir




Fóram Trascultural Dialogues (Baile Átha Cliath Theas).





Fadi Mustapha, Caifé Crossroads, (Dún na nGall).



1. Na daoine agus an áit – comhthéacs a bhun agus a bharr

A. Taighde ar dtús go dtuigtear cé atá ina gcónaí i measc an phobail

Gníomhartha:

- Déantar sonraí déimeagrafaíochta an cheantair a mheas – cé atá ina gcónaí sa cheantar?
- Faightear amach an dreamanna nua nó dreamanna níos bunaithe na daoine sa cheantar; tagann athrú go tréan ar chúrsaí.

Faightear amach níos mó faoi na dreamanna nua seo ionas go mbíonn cuntas níos iomláine ar bhunadh eitneach dhreamanna éagsúla. Is iad seo a leanas na cúig phríomhréimse fócais:

- Eagraítear cruinniú le Coiste um Fhorbairt Pobail áitiúil (CFPÁ) nó le haonad ilchuimsitheacht shóisialta an údaráis áitiúil go bhfaightear léargas níos ginearálta.
- Faightear amach an bhfuil grúpaí lonaid Tearmainn sa cheantar a chuireann soichead roimh dhreamanna nua chun cinn (Féach Teagmhálaithe Áisiúla).
- Labhraítear le gníomhaireachtaí náisiúnta, mar shampla Comhpháirtíocht na bPobal Nua agus Ionad Chearta na nMírceach. Tá, mar shampla, comhaltaí ó dhreamanna mionlaigh de bhunadh eitneach éagsúil as gach áit sa tír i gComhpháirtíocht na bPobal Nua. (Féach Teagmhálaithe Áisiúla).
- Eagraítear cruinnithe le gníomhaireachtaí áitiúla agus le grúpaí pobail a chuidíonn le lucht imirce agus/nó cruinnithe le dreamanna nua faoi leith d'fhonn breis eolais a bhailiú.
- Mínítear a bhfuil ar siúl ach cinntítear chomh maith go ndéantar bearta iarchruinnithe agus go gcoinnítear an caidreamh ar bun.

Dúirt 61% díobh sin a d'fhreagair suirbhéanna maidir le Gairm an Chomhair i nDún na nGall, Maigh Eo agus Baile Átha Cliath Theas go raibh seo ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí d'oibriú le pobal lena mbaineann iléagsúlacht cultúir.

“Cur chuige lena mbaineann taighde agus eolas ar an bpobal roimh ré”

Ar cheann de na cúig réimse béime a sonraíodh bhí:

“Tuiscint níos fearr a chothú ar na daoine atá ina gcónaí i mBaile Átha Cliath Theas agus ar a gcuid ‘scéalta’ ionas gur féidir cláir a chruthú a tharraingeodh spéis na ndaoine nó na ndreamanna sin nó a tharraingeodh i mbun cláir a chruthú iad.”

Transcultural Research Next Steps by Dr Zoë O'Reilly – a report in association with Rua Red and Civic Theatre (as part of the Invitation to Collaboration programme activities in South Dublin)

Bíonn eagla an rud contráilte a rá ina bhac uaireanta ar eagraíocht cultúir caidreamh ceart a chothú le daoine de chultúir éagsúla:

“Bíonn an imní ina bhac agus d'fhéadfadh sin a theacht chun cinn mar ábhar oiliúna nuair is mó de cheist foghlama nó cóitseála ag an ngrúpa atá ann dáiríre. Is é sin le rá spás agus deis machnamh a dhéanamh ar an idirchaidreamh agus ar bhealaí chun a dhéanamh níos fearr an chéad uair eile agus réamhthuairimí a d'fhéadfadh a bheith agat a admháil.”

Open Conversations, Developing Strong Effective Connections to Black, Asian and Ethnic Communities - Voluntary Arts Report

Ar cheann de na bacanna is mó a bhíonn roimh thionscnaimh forbartha straitéiseacha in earnáil na n-ealaíon maidir le hiléagsúlacht cultúir agus cúrsaí ealaíon, bhí:

“Easpa eolais maidir le pobail eitneacha mionlaigh, a mheas go bhfuil easpa ealaíontóirí agus dreamanna de bhunadh eitneach mionlaigh ina gcónaí i gceantar ainneoin sonraí Daonáirimh óna gceapfaí a mhalairt.”

Cultural Diversity and the Arts Research Project: Towards the development of an Arts Council policy and action plan, May 2009 by Dr Daniel Jewesbury, Jagtar Singh (Change Institute) and Sarah Tuck (Create).

B. Cur chuige straitéiseach – plean idir meántéarmach agus fadtéarmach

Gníomhartha:

- Déantar an obair atá déanta cheana féin ag an eagraíocht maidir le hiléagsúlacht cultúir a mheas; cad atá foghlamtha go dtí seo?
- Téadh an fhoireann trí sheicliosta Chomhairle Náisiúnta na nÓg chun measúnú a dhéanamh ar a áisiúla atá an eagraíocht do dhaoine de bhunadh eitneach (feach aguisín A).

Pléitear freisin le lucht na foirne:

- Na daoine as dreamanna ilchultúir atá ina gcónaí sa cheantar – ionas go mbíonn gach duine ar an eolas.
- An t-eolas atá agaibh go dtí seo.
- Na dreamanna faoi leith ar mian libh díriú orthu agus an chúis leis sin?
- Aontaítear na chéad bhearta eile atá le déanamh, mar shampla, oiliúint maidir le hiléagsúlacht cultúir do bhaill foirne ar gach leibhéal san eagraíocht nó cóitseáil nó córais taca ina leith sin.
- Conas is féidir dlúthchuid d’obair na heagraíochta a dhéanamh den réimse seo?
- Aontaítear ar phlean fadtéarmach a chur le chéile maidir leis an réimse seo.
- Scrúdaítear aisling, clár, foireann, acmhainní na heagraíochta ó thaobh iléagsúlacht cultúir
- Cad is mian leis an eagraíocht a thabhairt i gcrích go fadtéarmach?
- Cad iad na cuspóirí maidir le hoidhreacht fadtéarmach?

Dúirt 69% díobh sin a d’fhreagair suirbhéanna maidir le Gairm an Chomhair i nDún na nGall, Maigh Eo agus Baile Átha Cliath Theas gur ceann de na gnéithe is tábhachtaí maidir le hoibriú le pobal lena mbaineann éagsúlacht cultúir:

“A bheith soiléir faoin gcúis atá leis an obair a dhéanamh”

Agus dúirt 61%

“Plean idir meántéarmach agus fadtéarmach”

Ar cheann de na cúig réimse béime a sonraíodh bhí:

Rinne an Dr Zoë O’Reilly tagairt do thaighde a rinneadh i dtuarascáil de chuid Ollscoil Mhá Nuad *Developing Integration Policy in the Public Sector: A human rights approach* ina léirítear:

“I gcásanna ina mbíonn an iléagsúlacht agus an uilechuimsitheacht luaite mar dhlúthchuid de chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta, is mó an seans go leagfar béim orthu maidir leis an gcur i bhfeidhm agus le hacmhainní a chur ina leith.”

Transcultural Research Next Steps by Dr Zoë O’Reilly

“Tá ualach mór curtha ar eagraíochtaí áitiúla agus deonacha mar gheall ar phleanáil straitéiseach agus ar pháirtnéireachtaí atá gearrthéarmach gan fianaise shoiléir ar bith ar an gcaoi a dtéann tionscnaimh dá sórt i bhfeidhm ar an meon maidir le coimisiúin agus le cláir a leagan amach in eagraíochtaí ealaíne ná ar an bpleanáil don am atá le theacht.”

Cultural Diversity and the Arts Research Project: Towards the development of an Arts Council Policy and Action Plan





2. Ceangal a Chothú

A. Bíonn dea-thoradh ar chraobhchórais agus ar chaidreamh a chothú

Gníomhartha:

- Déantar mapáil ar na hacmhainní pobail sa cheantar agus cuirtear liosta díobh le chéile, e.g. ionaid acmhainne agus pobail, scoileanna, eaglaisí, grúpaí maidir le creideamh amháin go sonrach, clubanna gníomhaíochta agus spóirt, grúpaí ealaíne, eagraíochtaí maidir le forbairt pobail.
- Cothaítear caidreamh agus eagraítear cruinniú le lucht foirne/oibríthe deonacha na ngrúpaí go bhfaightear amach tuilleadh faoi na daoine a n-oibrítear leo, agus déantar caidreamh ina dhiaidh sin agus eagraítear cruinnithe le daoine atá ag obair cheana féin le daoine de dhreamanna éagsúla; bíodh am ann do chomhrá agus d'ól tae.
- Faightear amach cé na hacmhainní atá de dhíth ar na grúpaí seo, na nithe is mó a mbeadh suim acu iontu? Coinnítear caidreamh rialta ar siúl, bí i láthair ag aon ócáid ealaíne nó cultúir a chuireann siad ar siúl.
- Tugtar chun suntais ealaíontóirí de bhunadh iléagsúil cultúir atá ina gcónaí sa cheantar; trí na grúpaí thuasluaite, gairm scoile, grúpaí pobail nua etc.
- Labhair leis an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta nó an Rannóg Pobail san údarás áitiúil go bhfeictear an bhfuil Fóram maidir le hImeascadh Imirceach nó foghrúpa Cultúir den Chathair Tearmainn ar bun a bhféadfá a bheith páirteach ann – rud a chuideodh le léargas a fháil ar a bhfuil ar siúl ar fud an cheantair maidir leis an soláthar cultúir (feach Teagmhálaithe Áisiúla).

Dúirt 61% díobh sin a d'fhreagair suirbhéanna maidir le Gairm an Chomhair i nDún na nGall, Maigh Eo agus Baile Átha Cliath Theas go raibh ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí den obair le dreamanna lena mbaineann iléagsúlacht cultúir:

“Oibríú leis na craobhchórais caidrimh agus na heagraíochtaí atá ar bun cheana féin”

Agus dúirt 50% chomh maith go raibh ar cheann de na nithe ba thábhachtaí:

“Tuirisc a chur leis na dreamanna seo cad atá de dhíth orthu”

D'aithin an Dr Zoe O' Reilly an méid seo:

“Bíonn cuid mhór den chultúr do-fheicthe; ní i ndánlanna ná in amharclanna a thagtar air ach i gcaiféanna, i hallaí pobail, ar an tsráid, in eaglais agus i mosc, nó in ionad sóisialta.”

“Tá craobhchórais leitheadacha dá gcuid féin ag cuid mhór de na grúpaí pobail agus de na heagraíochtaí a raibh caidreamh agam leo agus iad ag freastal ar dhreamanna fairsinge iléagsúla ar bhealaí go leor. Tá ionaid cultúir agus ionaid shóisialta bhríomhara á rith ag cuid díobh sin.”

Mhol sí freisin maidir le hiarthaighde do cheantar Bhaile Átha Cliath Theas gur cheart go mbeadh an méid seo ar cheann de na cúig phríomhréimse fócais:

Fiosrú a dhéanamh maidir leis an mbeartaíocht cultúir/na cineálacha éagsúla ealaíne atá ar siúl sa cheantar d'fhonn iad a bheith níos so-fheicthe (oibríú leis an meon go bhfuil bríomhaireacht cultúir sa cheantar cheana féin; gurb é a theastaíonn, modhanna a aimsiú chun caidreamh a chothú lena bhfuil sa timpeall cheana féin.

Transcultural Research Next Steps leis an Dr Zoë O'Reilly

“In Inis Eoghain, tá saineolas ag dídeanaithe ar an táilliúireacht, ar adhmaadóireacht, ar bheachadóireacht agus ar chócaireacht...Tá WISH (Women's Intercultural Support Hub) ar bun in Inis Eoghain chun cur in aghaidh thoradh na hiargúlachta agus an caidreamh a chosaint. Tá seisiúin á n-iarraidh a thabharfadh blas de chineálacha éagsúla ealaíne.”

Donegal Intercultural Framework: Intercultural Art in Action Research Project 2019

B. Obair i gcomhar agus spreagadh spéise; aontú ar ghníomhartha

Gníomhartha:

- An tráth a mbíonn bonn níos treise faoi chraobhchórais agus faoin gcuidreamh agat, féachtar le bearta comhairliúcháin a eagrú, a bhfuil meon na cruthaitheachta leo mar a bhí leis an bhFóram thíosluaite, ionas go mbíonn ábhar smaointeoireachta ar fáil maidir le bearnaí nó easnamh sa soláthar nó sa riachtanas.
- Scrúdaítear bearta beaga praiticiúla a d'fhéadfaí a dhéanamh mar chuid den obair:
- Má tá áras faoi do chúram, scrúdaítear an bhfuil spás a d'fhéadfaí a thairiscint (go rialta nó an t-aon uair amháin) do ghrúpaí ealaíne agus cultúir atá ag obair le daoine ó dhreamanna de bhunadh éagsúil cultúir.
- Scrúdaítear bealaí ina bhféadfaí oibriú i gcomhar le féilte ilchultúir.
- Bítear ar an eolas maidir le laethanta cultúir den uile chineál (e.g. Divali, Athbhliain na Síneach) agus scrúdaítear bealaí ina bhféadfaí ceiliúradh i gcomhar a dhéanamh ar na laethanta sin.
- Scrúdaítear bealaí ina bhféadfadh grúpaí éagsúla, a bhfuil spéis acu araon i gcúrsaí cruthaitheachta den chineál amháin, oibriú lena chéile.
- Cinntítear go gcoinnítear cumarsáid rialta ar siúl leis na grúpaí a ndéantar caidreamh leo, ó thaobh tuairiscí reatha a chur chucu, iad a choinneáil ar an eolas faoi thorthaí comhairliúcháin.
- Smaoinítear ar bhealaí ina bhféadfaí plean cumarsáide níos fadtéarmaí a bhunú ar na bearta sin agus ar na bealaí ina bhféadfadh tionscadail nua i gcomhar eascairt dá réir ó phlean dá leithéid.

Thug an Dr Zoë O'Reilly an méid seo faoi deara ina tuarascáil:

“Bíonn am de dhíth chun an comhar a chothú le daoine agus a gcuid spéise a spreagadh... Is próiseas fadtéarmach caidrimh, fiosracha agus (seachas aon ní eile) iontaoibh atá i gceist leis sin a tharlaíonn tríd an gCUMARSÁID. Agus ceanglaítear an chumarsáid seo ar bhealaí éagsúla – comhrá, éisteacht, tae a ól, páirt a ghlacadh in imeachtaí.”

“Polasaí a chothú cluas a thabhairt do dhaoine a dhéanann moltaí chun leas a bhaint as an spás – seachas tuille a lua leoliad a dhiúltú, cur chuige ina ionad sin le ‘bíodh cupán caife againn, cuir a bhfuil i gceist agat i láthair’. Is minic ó chaidreamh le duine aonair a eascraíonn lucht féachana agus éisteachta.”

Transcultural Research Next Steps by Dr Zoë O'Reilly

Cheap an Dr Zoë O'Reilly gníomhaíocht struchtúrtha i bhfoirm imeachta i ndiaidh don chaidreamh tosaigh agus do na teagmhálaithe ar fad a bheith cruthaithe. Aiseolas – Bhí an ráiteas seo a leanas san áireamh i suirbhéanna Cuireadh chun Comhoibrithe de chuid Bhaile Átha Cliath Theas:

“Bhí ócáid an fhóraitm thar cionn; teacht le chéile, fearadh na fáilte, plé ar bun ar bhealach a thug saoirse do dhaoine labhairt amach, cumas ceart caidrimh, bhí sé thar barr ag obair le Zoë.”

In 2016 rinne Voluntary Arts agallaimh le daoine ó chúlraí éagsúla cultúrtha. Bhí siad seo a leanas i measc na bpríomhphointí ábhartha a d'eascair as na hagallaimh sin:

“B'fhéidir gurb í an chéim tosaigh maidir le ceangal níos treise a chothú leis an bpobal 'baile' go ndíreofaí ar dhaoine den bhunadh cultúir amháin a thabhairt le chéile chun rudaí a eagrú dóibh féin, muinín agus acmhainn a chothú.”

“Tugann ábhar spéise atá i gcoitinn acu daoine le chéile gan bheann ar a mbunadh. Is minic gur le réimse na cruthaitheachta a bhaineann an t-ábhar spéise sin (e.g. damhsa, ceol).”

“Déanaimid ceiliúradh ar ár gcuid féilte, mar shampla Diwali, Holi etc., ach is mian linn leathnú a dhéanamh ar an gceiliúradh.”

Open Conversations, Developing Strong Effective Connections to Black, Asian and Ethnic Communities - Voluntary Arts Report



3. Stuaim i mbun na hoibre

A. Comhar éifeachtúil páirtnéireachta a chothú don chaidreamh fadtéarmach

Gníomhartha:

- Cuirtear grúpa stiúrtha trasearnála le chéile, bunaithe ar na craobhchórais a chruthaítear, a chuideoidh le bonn a chur faoi chaidreamh fadtéarmach seachas caidreamh a bhaineann le tionscadal agus sin amháin.
- Cinntítear go mbíonn raon iléagsúil daoine, ó ghrúpaí móra agus beaga agus ó fhorais éagsúla, ar fáil sa seomra a bhfuil saineolas acu ar réimsí éagsúla.
- Admhaítear nach bhfuil freagra ar gach ceist agat agus go mbíonn cúnaimh de dhíth!
- Nuair a bhíonn oifigeach ealaíne ó údarás áitiúil le háireamh ar an gcomhar páirtnéireachta, bíonn tacaíocht straitéiseach agus polasaí ar fáil chomh maith le habhcóidíocht ar an leibhéal réigiúnach.
- Aontaítear ar chuspóirí atá ag an uile dhuine sa ghrúpa ach bíodh bá freisin le cúiseanna éagsúla a bheith ag páirtnéirí le páirt a ghlacadh ina leithéid seo de chlár.
- Aontaítear ar théarmaí tagartha ionas go dtuigtear don uile dhuine an chúis a bhfuiltear i láthair, a bhfuil de chúram orthu ina leith, agus líon na gcruinnithe in aghaidh na bliana.
- Aimsítear buiséad, más féidir é, chun daoine aonair (mar shampla saorealaíontóirí nó daoine a ritheann grúpaí deonacha) a íoc ar a gcuid ama i mbun freastal ar chruinnithe na bpáirtnéirí.
- Ainmnítear ball foirne ar a leagtar de chúram ceannródaíocht a dhéanamh maidir leis an obair seo; ag a bhfuil na scileanna cuí agus an saineolas maidir le caidreamh leis an bpobal chun tabhairt faoin gcúram a ghabhann leis an bplean caidrimh fadtéarmach a chur i bhfeidhm.
- Tugtar dóthain ama go mbíonn deis iontaoibh a chothú agus an caidreamh a threisiú; tugtar tréimhse ama maidir le cúinsí teagmhasacha san áireamh.

Aiseolas ó ealaíontóirí i gContae Mhaigh Eo:

“Tograí i gcomhar agus páirt ag na geallsealbhóirí ar fad i leagan amach an tionscadail.”

Luaigh an Dr Zoë O'Reilly an méid seo ina tuarascáil:

“Tá tábhacht le cruinnithe, comhrá, obair i gcomhar. Idir grúpaí pobail, eagraíochtaí ealaíne agus údarais áitiúla. Is minic nach mbíonn ceangal caidrimh taobh istigh d'earnálacha ná eatarthu.”

“Bíonn am i gceist maidir leis an gcomhar a theacht chun cinn i gcásanna áirithe agus tráthchláracha dá gcuid féin ag eagraíochtaí éagsúla chomh maith le hord tábhachta dá gcuid féin.”

“Má tá eagraíochtaí dáiríre faoin iléagsúlacht cultúir, is dócha gur gá duine faoi leith ag díriú ar an obair sin seachas codanna den chúram ar dhaoine éagsúla.”

Transcultural Research Next Steps leis an Dr Zoë O'Reilly

Luaitear an méid seo i dtuarascáil de chuid Voluntary Arts:

“Nuair is mó an éagsúlacht a bhaineann leis na daoine a mbíonn caidreamh ag eagraíocht leo agus a tharraingítear san obair, tarlaíonn go nádúrtha go gcothaítear ceangal idir beartaíocht na heagraíochta agus dreamanna níos iléagsúla.”

Open Conversations, Developing Strong Effective Connections to Black, Asian and Ethnic Communities - Voluntary Arts Report

Léirigh aiseolas ó Dhébhlíantán Learphoill i dtaca le lucht éisteachta nua a mhealladh go bhfuil sé ríthábhachtach meas agus iontaobhas a chothú ón tús chun go n-éireodh leis an bpróiseas pleanála:

“Tá tábhacht faoi leith le ceisteanna maidir le meas agus iontaoibh agus is mór an chabhair eolas a chur ar chúrsaí cultúir, staire agus tíreolaíochta a bhaineann leis na grúpaí a bhfuiltear ag obair leo.”

I Liked Everything: Celebrating New Audiences, Feedback from Liverpool Biennial of Contemporary Arts' STAR project

B. Gnéithe de leagan amach na gclár ar mhaithe le seasmhacht fhadtéarmach

Gníomhartha:

- Is féidir dlús a chur le roinnt den bheartaíocht tosaigh gan gá le cistí breise; d'fhéadfadh fianaise maidir le cistíocht tráth is faide anonn a bheith ar fáil mar gheall ar an obair sin.
- Scrúdaítear na bearta maidir le cothú acmhainne a d'fhéadfaí a dhéanamh ar mhaithe le grúpaí nó daoine faoi leith, e.g. cúrsaí airgeadais, meantóireacht, spás, árachas etc.
- Bíodh aird ar an am a bheadh á chaitheamh ag grúpa leis an gcúram, maidir le saineolas, lucht aitheantais, daoine a bheadh rannpháirteach ann – pléitear bealaí leo ina bhféadfaí cúnamh airgid a thabhairt agus a bheith ina chuid de bhuiséid tionscadail nó eagraíochta.
- Tugtar daoine nó grúpaí ó dhreamanna de bhunadh cultúir iléagsúil i gceist san obair ar chlár nó i dtionscnaimh comhchoimeádaíochta.
- Ba cheart go dtiocfadh téamaí agus smaointe do thionscadail chun tosaigh ón bplé a dhéantar i rith na bpróiseas comhairliúcháin a dtugtar cuntas orthu thuas; seachnaítear aon réamhthuairimíocht maidir le cineálacha 'scéalta' ba mhaith le daoine a chur i láthair.
- Áirítear deiseanna maidir le cúnamh d'ealaíontóirí ó ealaíontóirí eile – ealaíontóirí de bhunadh cultúir éagsúil san áireamh – ionas gur féidir leo teacht le chéile go rialta.
- Aimsítear bealaí inar féidir cuidiú le healaíontóirí amaitéarachacha nó páirtaimseartha ó na grúpaí a bhfuiltear ag obair leo; pléitear leo a bhfuil de dhíth orthu agus tugtar sin san áireamh leis an bpleanáil.

Tharraing ealaíontóirí as Contae Mhaigh Eo aird ar na ceisteanna seo le cur san áireamh agus clár á leagan amach:

*"Is féidir dul chun cinn suntasach a dhéanamh nuair a bhíonn cúnamh taca ón duine amháin."
"Tá níos mó i gceist ná do scéal féin a insint."
"Ealaíontóirí i mbun tionscadail 2-3 bliana is fearr."*

Rinne freagróirí an tsuirbhé i gContae Mhaigh Eo agus i mBaile Átha Cliath Theas athneartú ar an bpointe seo freisin:

"Ní ceisteanna féiniúlachta amháin atá i gceist leis an saothar, "a scéal féin a chur in iúl", ní íocshláinte chun rudaí eile a leigheas an ealaín a shaothrú." "Cúnamh ó chraobhchórais caidrimh na n-ealaíontóirí d'ealaíontóirí atá ag saothrú i gcomhthéacsanna den sórt seo."

Dúirt ionadaí Ealaíon Pobail i dTamhlacht an méid seo: **"Má tá daoine ar an stáitse a bhfuil an chuma agus an chanúint chéanna orthu agus atá ort féin, tiocfaidh tú i láthair."**

Transcultural Research Next Steps by Dr Zoë O'Reilly


Dúirt rannpháirtithe an tionscadail Intercultural Art in Action i nDún nan Gall an méid seo: **"ba cheart go mbeadh saothar ina bpléitear cúrsaí iléagsúlachta agus óna bhfaightear léargas ar chultúir eile agus ar cheisteanna sóisialta maidir leis an gceart agus an cóir san áireamh i gclár ealaíne agus cultúir"** **"Deiseanna agus oiliúint i gcúrsaí ealaíne a chur ar fáil do lucht BME. Dúthracht maidir le cúrsaí iléagsúlachta a léiriú trí dhaoine de dhreamanna BME a fhostú"** *Donegal Intercultural Framework: Intercultural Art in Action Research Project 2019*

Déantar tagairt i saothair taighde náisiúnta freisin don chúnamh maidir le cothú acmhainne do ghrúpaí ilchultúir maidir le tionscadail bunaithe ar fhorbairt na healaíne: **"Luann freagróirí de dhreamanna de bhunadh eitneach mionlaigh arís agus arís eile go bhfuil buntábhacht leis an gcothú acmhainne."** **"Is minic eagraíochtaí de chuid dhreamanna eitneacha mionlaigh ag brath ar oibríthe deonacha agus é á éileamh orthu cuidiú le heagraíochtaí ealaíne a dtugtar maoiniú dóibh i mbun pleanála ar thionscnaimh i ndáil le caidreamh agus forbairt ar an lucht féachana agus éisteachta ar mhaithe le dualgais maidir le hiléagsúlachta a chomhlíonadh."**

Cultural Diversity and the Arts Research Project: Towards the development of an Arts Council policy and action plan

"Suimeanna beaga airgid do chuid mhór grúpaí, sin a mbíonn de dhíth go rialta. Le himeacht aimsire, de réir mar a thosaíonn roinnt grúpaí ag leathnú agus é á chur rompu acu ócáidí níos suntasaí a chur ar bun, bíonn gá le breis acmhainní.

Open Conversations, Developing Strong Effective Connections to Black, Asian and Ethnic Communities - Voluntary Arts Report



4. Toradh ar an dícheall

A. Cúrsaí pleanála

Gníomhartha:

- Aontaítear ar thorthaí straitéiseacha ginearálta maidir leis an bplean caidrimh ach bítear sochomhairle agus sásta glacadh le hathrú ar thorthaí i ndáil le céimeanna éagsúla de thograí.
- Cuirtear am breise san áireamh ag an tús don chéim tionscanta – go háirithe agus rannpháirtithe nua á n-earcú chomh maith leis na grúpaí reatha – cinntítear cumarsáid éifeachtúil leis na dreamanna a bhfuiltear ag díriú orthu agus feiceálacht ina measc, e.g. ócáidí seolta.
- Cuirtear am san áireamh maidir le tograí a mhíniú do ghrúpaí agus do dhaoine aonair sula dtosaítear ar chéim d’obair an togra; bíodh cuspóir soiléir le clár nó tionscadal.
- Aontaítear leis an ngrúpa stiúrtha agus leis na healaíontóirí an modh is fearr tuairiscíochta agus monatóireacht maidir le gach céim den togra; bíodh feabhsú agus dul chun cinn leanúnach ina dhlúthchuid den phróiseas.
- Cuirtear cumarsáid leis an gcuid eile den eagraíocht san áireamh chomh maith ionas go gcuirtear an lón eolais sa timpeall agus go gcinntítear seasamh na heagraíochta ar fad leis an obair.
- Cuirtear am breise san áireamh nuair a thagann deireadh le céim den togra ionas gur féidir caidreamh iarbheartaíochta a dhéanamh, ionas gur féidir, mar shampla, leis na healaíontóirí, foireann an tionscadail agus na rannpháirtithe smaointe agus riachtanais a shonrú maidir leis an am atá i ndán, a chuideoidh le buanseasmhacht a chothú.

Fiafraíodh díobh sin a d’fhreagair suirbhéanna maidir le Gairm an Chomhair i nDún na nGall, Maigh Eo agus Baile Átha Cliath Theas na nithe a d’athróidís maidir le tionscadail:

*Bhí acmhainní níos fairsinge .i. am agus airgead de dhíth ar 46% de na daoine a thug faoin suirbhé
Bhraith 38% de na daoine a cuireadh faoi agallamh go raibh tuilleadh ionchuir ag teastáil ó thaobh ábhar cruthaitheach de
Chuir 31 % de na freagróirí in iúl go raibh gá le scaipeadh eolais agus cumarsáid níos fearr mar gheall ar an tionscadal*

Bíonn tábhacht freisin le cumarsáid ar leibhéal na heagraíochta maidir leis an saothar:

“Cumarsáid maidir le bainistíocht tionscadail; gá le hidirchaidreamh; meitheal foirne a thuigeann an bhuntábhacht leis an togra - dlúthchuid d’obair na heagraíochta a dhéanamh den togra agus den toradh a bhíonn air.”

Luadh freisin tábhacht a bheith le solúbthacht agus follasacht mar bhuntréithe i ndáil le próiseas na pleanála: **“Próiseas; bunaithe go hiomlán ar chaidreamh dáiríre leis an iliomad dreamanna éagsúla; agus modhanna oibre a raibh bunús nádúrtha leo chomh maith le haiseolas agus iontaoibh a bheith ina ndlúthchuid den phróiseas. Comhthuiscint. Deimhníodh nach bhfuil aon fhreagra amháin a oireann don uile chás - modhanna caidrimh a bheith ar fáil agus iontaoibh a chothú.”**

Treisióinn ealaíontóir as Contae Mhaigh Eo leis sin i bplé a bhaineann leis an gclár:

“Tarlaíonn rudaí gan choinne agus ní dona sin.”

Luaitear an méid seo i nDoiciméad Creata um Ilchultúrachas Dhún na nGall

“Bíonn rannpháirtíocht bunaithe ar an tuiscint atá ag dreamanna nó grúpaí ar a gcuid riachtanas agus réimsí spéise féin, ar an eolas a chuirtear in iúl.”

(Arna tagairt in The All-Ireland Standards for Community Work)

B. Baic éagsúla roimh rannpháirtíocht a mhaolú

Gníomhartha:

- Más eagraíocht cultúir atá bunaithe in áras atá i gceist, cuirtear suas fógraí fáilte i dteangacha éagsúla.
- Nó baintear úsáid as áiteanna eile, mar shampla leabharlanna agus ionaid pobail, a bhíonn in úsáid ag grúpaí cheana féin agus a bhfuil siad ar a gcompord iontu.
- Tugtar costas taistil na rannpháirtithe san áireamh agus déantar cóiriú de réir mar is gá.
- Baintear úsáid as Béarla simplí san ábhar poiblíochta agus seachnaítear ‘béarlagar lucht ealaíne’.
- Baintear úsáid as íomhánna soiléire tarraingteacha san ábhar poiblíochta agus níos lú ábhar téacs.
- Smaoinítear ar bhealaí a mbeadh do chuid tionscadail níos intuigthe, níos lú foclaíochta a úsáid agus níos mó ábhar íomhánna, gluaiseachta agus fuaime.
- Déantar comhairle leis na páirtneírí agus leis na grúpaí a bhfuiltear ag obair leo chun téacsanna a roghnú le haistriú agus seirbhísí ateangaireachta saor in aisce a aimsiú.
- Scrúdaítear an gá saothar áirithe a chur ar fáil d’aon inscne amháin, e.g. tograí do mhná amháin i measc dreamanna faoi leith ionas go gcruthaítear timpeallacht chompordach.

Do spás a bheith fáilteach roimh dhaoine ó cultúir éagsúla cultúrtha. Dúirt oibrí sóisialta i mBaile Átha Cliath Theas an méid seo:

“Cad a bhraitheann daoine – mar gheall ar chúrsaí aicme, éagsúlacht cultúir, baic i leith na teanga etc. – go síltear nach bhfuil de cheart acu a bheith in áit?”

Transcultural Research Next Steps leis an Dr Zoë O’Reilly

Dul i ngleic le riachtanais iompair, e.g. costais taistil bus a aisíoc nó modhanna iompair a eagrú?

D’aontaigh 44% de na daoine a ghlac páirt i dtionscadail i mBaile Átha Cliath Theas agus a ndearnadh suirbhéireacht orthu go ndéanfadh níos mó seirbhísí iompair maitheas dóibh.

I nDún na nGall:

Bhí an costas a bhaineann le taisteal go háit ar nós Leitir Ceanainn ina bhac agus tá ceist freisin maidir leis an gcostas atá ar imeachtaí a bhíonn ar siúl san amharclann agus tá sin ina bhac maidir le rannpháirtíocht. Ní bhíonn seirbhísí iompair poiblí ar fáil nuair a oireann ó thaobh ama maidir le hócáidí a bheadh ar siúl i Leitir Ceanainn

Donegal Intercultural Framework: Intercultural Art in Action Research Project 2019

Tarraingíodh aird ar chúnamh teangaireachta freisin mar shampla de riachtanas a d’fhéadfadh a theacht i gceist: **D’aontaigh 55% de na daoine a ndearnadh suirbhéireacht orthu maidir le tionscadail i mBaile Átha Cliath Theas go mbeadh níos mó seirbhísí teangaireachta ina chabhair acu.**

Déanann taighde náisiúnta an toradh thuas a athneartú:

Is bac mór cúrsaí teanga agus leibhéal rannpháirtíochta an-íseal i ndáil le teaghlaigh a bhfuil deacrachtaí acu le hábhar i mBéarla a léamh

Insights from Growing Up in Ireland Survey conducted by ESRI for the Arts Council

Moladh i nDún na nGall go mbreathnófaí ar chúram leanaí:

“Cúnamh maidir le cúram linbh, nó bearta eile ar siúl an tráth céanna do leanaí, ionas go mbeadh tuismitheoirí saor chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí ealaíne agus cultúir.”

Donegal Intercultural Framework: Intercultural Art in Action Research Project 2019

Luaigh ealaíontóir amháin atá ag obair i gContae Mhaigh Eo an méid seo:

“Is ceist mhór ceist na hinscne – conas a phléitear leis sin?”

Ardaíodh ceist na hinscne i nDún na nGall freisin:

Coinníonn an phatracacht srianta ar roinnt de na mná ionas go bhfanann siad sa bhaile agus tá sé ina bhac ar rannpháirtíocht na bhfear freisin, ina ghné de scoiteacht na bhfear. D’fhéadfadh grúpaí atá bunaithe ar chúrsaí ealaíne plé agus tuiscint ar an gceist a chothú.

Donegal Intercultural Framework: Intercultural Art in Action Research Project 2019



Ardán Idirchultúrtha 2019, Mother Tongue Day, Thoiba Ahmed (Dún na nGall).

5. Lón eolais agus beartaíocht dá réir?

A. Measúnoireacht, lón eolais agus toradh fadtéarmach

Gníomhartha:

- Aontaítear ar an modh ina ndéanfar measúnoireacht ar chéim den obair ar an tionscadal; is é is fearr má aontaítear maidir le monatóireacht, cáipéisíocht agus modhanna measúnoireachta ón tús.
- Faightear comhairle ó ghrúpa stiúrtha na bpáirtneirí nó ó dhaoine den phobal faoin gcur chuige is fearr maidir leis an obair mheasúnoireachta.
- Féachtar leis an áisiúlacht is fearr a bheith ag baint leis na modhanna measúnoireachta, e.g. físeáin, modhanna simplí aiseolais, seisiúin aiseolais leis an duine aonair a úsáid.
- Cruthaítear deiseanna aiseolais tar éis gach ceann de na seisiúin ionas gur féidir leasú nó athrú a dhéanamh más gá.
- Cuirtear tréimhse ama san áireamh maidir le deis machnaimh ag ealaíontóirí agus ag rannpháirtithe eile ag deireadh tionscadail nó tar éis gach ceann de chéimeanna oibre an chláir.
- Tugtar san áireamh sa bhuiséad am an ealaíontóra maidir le caidreamh iarbheartaíochta le rannpháirtithe.
- Bíodh meon fadtéarmach i bhfeidhm i gcónaí, duine ar an bhfoireann a fhéadann beart a dhéanamh maidir le smaointe, cúnamh meantóireachta a chur ar fáil do ghrúpaí nó cuidiú le smaointe faoi tionscadail nua a spreagadh bunaithe ar na riachtanais a luaitear.

Sa tuarascáil ón Liverpool Biennial ar lucht spéise nua a mhealladh, is éard a fuair eagraíocht cultúir amháin a bhí i mbun gníomhaíochtaí measúnoireachta amach:

“Is minic cumas Béarla níos fearr ag leanaí ná mar atá ag a gcuid tuismitheoirí, rud a chuireann isteach ar mheasúnoireacht maidir le tionscadail ó tharla deacracht ag roinnt daoine fásta an ceistiúchán a líonadh isteach. Bhí eagraíocht amháin freisin a thug faoi deara ráta an-íseal maidir le ceistiúcháin a líonadh isteach agus measúnoireacht á dhéanamh ar an tionscadal acu.”

“Ní mór aiseolas a lorg ó na rannpháirtithe ar an toirt nuair a bhíonn deireadh le beartaíocht agus na modhanna cuí a úsáid i ndáil leo sin a bhfuil deacracht acu le teanga faoi leith.”
I Liked Everything: Celebrating New Audiences, Feedback from Liverpool Biennial of Contemporary Arts’ STAR project

I ndáil le toradh fadtéarmach a chothú, leag cuid mhór a d’fhreagair an suirbhé maidir le Gairm an Comhair i nDún na nGall, i Maigh Eo agus i mBaile Átha Cliath Theas béim ar bhuanseasmhacht:

“Neamh-mharthanacht – tuigtear a bhféadfaí a dhéanamh ach ní féidir beart a dhéanamh dá réir.”

“Acmhainní a chur ar fáil ionas gur buaine an toradh a bhíonn ar an obair.”

“Níos mó idirchaidrimh agus duine atá ábalta dlús a chur leis an bpróiseas.”

“Go ginearálta le dreamanna óga, caidreamh leanúnach le healaíontóirí; tá bunriachtanas le caidreamh fadtéarmach.”



Ardán Idirchultúrtha 2019, Mother Tongue Day (Dún na nGall).





Working In Intercultural Contexts

**GUIDE for Local Authorities
and Cultural Providers**



Cover Image: Transcultural Dialogues Forum (South Dublin).

Images: Maeve Clancy and Merovee Guerin (Mayo), Martha McCullough (Donegal) and Dave O'Reilly (South Dublin).

Contents

Introduction to the guide

	Page
1. People and place – context is everything A. First research and understand who lives in your community B. Take a strategic approach – make a medium to long-term plan	37
2. Creating connections A. Building networks and relationships are the building blocks to success B. Collaboration and engagement; defining and agreeing the activities	41
3. In good hands A: Building an effective partnership for long-term engagement B: Programming considerations for long-term sustainability	45
4. Delivering the goods A: Planning considerations B: Addressing barriers to participation	49
5. Learning and what next? Evaluation, learning and legacies	53
6. Appendices A. Guide References B. Useful contacts & Resources	55

Background to this Guide

Since 2016, in partnership, Mayo, Donegal and South Dublin County Councils have collaborated proactively on the development of policy, sectoral training, appropriate cultural services, models of engagement and best practice for Local Authorities in relation to Cultural Diversity. Under the Arts Council's Invitation to Collaboration Scheme 2016, which supports local authorities to apply for projects or initiatives that they identify as being of strategic significance to arts development locally, regionally and nationally. Mayo County Council, South Dublin County Council and Donegal County Council have been working on the following strands in order to examine and expand strategic approaches to working in Intercultural contexts:

- Cultural Diversity Training for Venues and Cultural Providers.
- Cultural Diversity Training for Artists/Music Generation tutors.
- Cultural Diversity Artist(s) in Residence (Mayo & South Dublin).
- Research and Development: Support for Culturally Diverse Audience Development by venues (South Dublin).
- Research on Transcultural Community Engagement in the South County Dublin Area.
- Research & analysis (Donegal): strategic provision of relevant cultural services developed in partnership with Donegal Intercultural Platform.
- Open Days (Donegal): celebratory, social and cultural exchange events.
- Transcultural Dialogues Seminar & Events (South Dublin).

In this guidebook you will find models of best practice for working within the intercultural environment including action steps and useful resources. These guidelines are informed by surveys and interviews carried out by the Transcultural Research Summary and Next Steps by Dr Zoë O'Reilly and the Invitation to Collaboration, County Donegal, Mayo and South Dublin survey.



Introduction to the Guide -

A Resource for Local Authorities and Cultural Providers

This guide is a tool of encouragement for the long-term – to help cultural providers kick-start the process and think more strategically about how to engage people from culturally diverse backgrounds in using their services or partnering together.

This guide in particular demonstrates that the principles of community development are important: that it takes time, flexibility and a willingness to share and learn in order to properly build meaningful long-term relationships and partnerships.

The partnership commissioned lead consultant Una Carmody to draw together the learning from all the strands above and synthesize this and other relevant/ significant research into a report. This also included the creation of a guide that would highlight best practice within the cultural environment in intercultural contexts and collect in one document the resources that are already available to support work in this context.

I was brought in to support the creation of this guide. The production of these guidelines included analysis of the key findings from the partners' and participants experience in this area, drawn from interviews and surveys led by Una Carmody. In addition to this, desk research was carried out in relation to other examples, research and case studies demonstrating good practice both within Ireland and internationally.

The project partners would like to thank everyone that contributed to the production of this guide.

Kath Gorman
Consultant









1. People and place context is everything

A. First research and understand who lives in your community

Action Steps:

- Assess your area's demographic profile.
- Find out if people living in your area are from recent or more established new communities; things can change quite rapidly.

Learn more about these communities to get a full breakdown of people from different ethnicities. The five areas of focus are:

- Meet with your Local Authority's Local Community Development Committee (LCDC) or social inclusion unit to get a bigger picture.
- Find out if there is a Places of Sanctuary group in your area, promoting culture of welcome to newcomers (see useful contacts).
- Talk to national agencies such as the New Communities Partnership and Migrant Rights Centre. For example, New Communities Partnership has members from different ethnic minority groups from around the country (see useful contacts).
- Meet with local agencies and community groups supporting migrants and/or specific new communities for more knowledge gathering.
- Explain what you are doing but also ensure you follow up with them and keep in touch.

61% of survey respondents from the Invitation to Collaboration Donegal, Mayo and South Dublin said this was one of the most important elements of working with culturally diverse communities.

"Researching and finding out about communities before approach"

One of the five areas of focus identified was:

"Creating better understandings of who is living in South Dublin and their 'stories' in order to be able to create programmes that may appeal to these people or communities/involve them in creating programming."

Transcultural Research Next Steps by Dr Zoë O'Reilly – a report in association with Rua Red and Civic Theatre (as part of the Invitation to Collaborate programme activities in South Dublin)

Fear of saying the wrong thing can sometimes inhibit a cultural organisation in authentically engaging with people from culturally diverse backgrounds:

"The worry gets in the way and this might manifest itself as a training issue when really it's more a group learning or coaching matter. In other words, a place to reflect on the interaction and how to do better next time and face up to the stereotypes/ assumptions that you may have had."

Open Conversations, Developing Strong Effective Connections to Black, Asian and Ethnic Communities - Voluntary Arts Report

One of the main hindrances to strategic development initiatives in the arts sector in relation to cultural diversity and the arts was:

"Lack of knowledge of minority ethnic communities, the perceived lack of minority ethnic practitioners and communities living in an area despite Census data which would suggest the contrary."

Cultural Diversity and the Arts Research Project: Towards the development of an Arts Council policy and action plan, May 2009 by Dr Daniel Jewesbury, Jagtar Singh (Change Institute) and Sarah Tuck (Create).

B. Take a strategic approach – make a medium to long-term plan

Action Steps:

- Assess the work your organisation has undertaken in the area of cultural diversity; what have you learned so far?
- Carry out with your team the National Youth Council of Ireland (NYCI) checklist for assessing how accessible your organisation is to people from a minority ethnic background (see appendix A).

Also discuss with your team:

- Who is living in your area from culturally diverse groups – so everyone is aware.
- What information you found so far.
- Which particular communities you want to focus on and why?
- Agree the next steps you need to do, for example, carrying out training in cultural diversity for staff at all levels of your organisation, coaching or support services.
- How can you embed this work properly in your organisation?
- Get agreement for developing a long-term plan in this area.
- Look at your vision, programme, people, resources through the lens of cultural diversity.
- What do you want to achieve in the long-term?
- What are the long-term legacy goals?

69% of respondents from Invitation to Collaboration Donegal, Mayo and South Dublin surveys said one of the most important elements of working with culturally diverse communities was:

“Being clear about why the work is being undertaken”

And 61% said

“Having a medium to long term plan”

One of the five areas of focus identified was:

Dr Zoë O’Reilly, referenced the research carried out by Maynooth University report Developing Integration Policy in the Public Sector: A human rights approach has shown that:

“In cases where diversity and inclusion are embedded in the strategic goals of the organisation, they are more likely to be regarded with priority in terms of implementation and associated resourcing.”

Transcultural Research Next Steps by Dr Zoë O’Reilly

“Short term strategic planning and partnerships has placed a heavy burden on local and voluntary associations without demonstrable evidence of how and to what extent these initiatives have impacted on the commissioning and programming ethos of the arts organisations and their future planning.”

Cultural Diversity and the Arts Research Project: Towards the development of an Arts Council Policy and Action Plan





2. Creating Connections

A. Building networks and relationships are the building blocks to success

Action Steps:

- Map and create a list of the different community resources in your area, e.g. resource and community centres, schools, churches, faith specific groups, activity and sports clubs, arts groups, community development groups.
- Make contact and meet with the staff/volunteers of the groups to find out more about who they work with, follow up and meet with those already working with people from different communities; make time for tea and chats.
- Find out what resources these groups need, what are they particularly interested in? Keep in regular contact, go and attend any arts and cultural activities they might be doing.
- Identify artists from culturally diverse backgrounds who might be living in your area; through the above groups, public call out, new community groups etc.
- Talk to your Social Inclusion or Community Section at the local authority to see if there is a Migrant Integration Forum or City of Sanctuary Culture sub-group that you could join, which will help give an overview of what is happening across the area in terms of existing cultural provision (see useful contacts).

Relevant key points from an An Invitation to Collaboration, Mayo, Donegal and South Dublin County Councils were:

“That working through existing networks and organisations is important”

Whilst 50% also said one of the most important things was:

“Asking communities about their needs”

Dr Zoë O’Reilly, found that:

“So much of culture is invisible; it is not found in galleries and theatres but in cafés, community halls, streets, churches and mosques and social centres.”

